
An Coimisiún Eorpach

*Taighde agus Nuálaíocht*



# An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí

## Borradh a chur faoi ghairmeacha tarraingteacha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach

**An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí**

European Commission
Directorate-General for Research and Innovation
Directorate A - Research and Innovation
Unit A2 - ERA, Spreading Excellence and Research Careers

Contact Michele ROSA-CLOT
Email RTD-Charter@ec.europa.eu
RTD-PUBLICATIONS@ec.europa.eu
European Commission
B-1049 Brussels

Arna chríochnú Samhain 2025

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas as aon iarmhairt a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

PDF ISBN 978-92-68-29273-0 doi: 10.2777/3092672 KI-01-25-148-GA-N

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

© An tAontas Eorpach, 2026

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39 http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj).
Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt. Ní leis an Aontas Eorpach an cóipcheart i ndáil leis na codanna seo a leanas:
Clúdach: © skypicsstudio #286372753, © MicroOne #288703015, © foireann chruthaitheach #23412491, © Viktoriia #345410470, © Yurii #372950117, 2022. Foinse: stock.adobe.com

AN COIMISIÚN EORPACH

# An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí

## Borradh a chur faoi ghairmeacha tarraingteacha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach

2026

Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta
Beartas Taighde agus Nuálaíochta

GA

# Clár ábhair


An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí 5

**COLÚN 1**

An Eitic, an tSláine, Inscne agus an Eolaíocht Oscailte 7

1. An Eitic agus an tSláine Taighde 8
2. Saoirse an Taighde Eolaíoch 9
3. An Eolaíocht Oscailte 10
4. An Comhionannas Inscne 11
5. Glacadh leis an Éagsúlacht 12
6. An Taighdeoir 12
7. Saorchúrsaíocht taighdeoirí 14
8. Inbhuanaitheacht an Taighde 14

**COLÚN 2**

Measúnú, Earcaíocht agus Dul Chun Cinn na dTaighdeoirí 15

1. Measúnú Taighdeoirí 15
2. Earcaíocht 17
3. Roghnú 18
4. Dul chun cinn gairme 19

**COLÚN 3**
Dálaí agus Cleachtais Oibre 21
1. Dálaí oibre, cistiú agus tuarastail 21
2. Cobhsaíocht fostaíochta 23
3. Oibleagáidí conarthacha agus dlíthiúla 25
4. Scaipeadh agus saothrú torthaí 25
**COLÚN 47**
Gairmeacha Taighde agus Forbairt Tallainne 27
1. Gairmeacha Éagsúla Taighde a Luacháil 27
2. Forbairt Gairme agus Comhairle 28
3. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 29
4. Maoirseacht agus Meantóireacht 31



# An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí

**Is sraith prionsabal é an Chairt Eorpach do Thaighdeoirí lena gcuirtear taca faoi fhorbairt gairmeacha taighde tarraingteacha chun tacú le barr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud na hEorpa. Dírítear sa Chairt Eorpach do Thaighdeoirí ('Cairt do Thaighdeoirí') ar chearta agus ar fhreagrachtaí taighdeoirí, fostóirí, cisteoirí agus lucht ceaptha beartas; tá 20 príomhphrionsabal ann. Aicmítear iad sin faoi na ceithre cholún seo a leanas:**

1. **An Eitic, an tSláine, Inscne agus an Eolaíocht Oscailte;**
2. **Measúnú, Earcaíocht agus Dul Chun Cinn na dTaighdeoirí;**
3. **Dálaí agus Cleachtais Oibre;**
4. **Gairmeacha Taighde agus Forbairt Tallainne.**

Tá an Chairt do Thaighdeoirí dírithe ar gach taighdeoir, gach earnáil ina ndéantar taighde agus gach brateagraíocht faoi seach (geallsealbhóirí). Áirítear sa mhéid sin:

a. **Taighdeoirí i ngach earnáil – an saol acadúil, eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéanann taighde;**
b. **Fostóirí taighdeoirí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha;**
c. **Cisteoirí taighde agus taighdeoirí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha;**
d. **Lucht ceaptha beartas a mbaineann a gcuid oibre le beartais a tá ábhartha don Chairt.**

Tugtar aghaidh leis ar thaighdeoirí ar fud na ndisciplíní uile, lena n-áirítear an Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht agus an Mhatamaitic (STEM), na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí (SSH). Cumhdaítear leis cineálacha uile an taighde lena n-áirítear taighde ar thús cadhnaíochta, taighde spriocdhírithe, taighde straitéiseach, taighde feidhmeach agus taighde gar don mhargadh.



## COLÚN 1

### An Eitic, an tSláine, Inscne agus an Eolaíocht Oscailte

1. An Eitic agus an tSláine Taighde
2. Saoirse an Taighde Eolaíoch
3. An Eolaíocht Oscailte
4. An Comhionannas Inscne
5. Glacadh leis an Éagsúlacht
6. An Taighdeoir
7. Saorchúrsaíocht taighdeoirí
8. Inbhuanaitheacht an Taighde

## COLÚN 2

### Measúnú, Earcaíocht agus Dul Chun Cinn na dTaighdeoirí

1. Measúnú Taighdeoirí
2. Earcaíocht
3. Roghnú
4. Dul chun cinn gairme

## COLÚN 3

### Dálaí agus Cleachtais Oibre

1. Dálaí oibre, cistiú agus tuarastail
2. Cobhsaíocht fostaíochta
3. Oibleagáidí conarthacha agus dlíthiúla
4. Scaipeadh agus saothrú torthaí

## COLÚN 4

### Gairmeacha Taighde agus Forbairt Tallainne

1. Gairmeacha Éagsúla Taighde a Luacháil
2. Forbairt Gairme agus Comhairle
3. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
4. Maoirseacht agus Meantóireacht

# COLÚN 1

## An Eitic, an tSláine, Inscne agus an Eolaíocht Oscailte

1. **AN EITIC AGUS AN tSLÁINE TAIGHDE**
2. **SAOIRSE AN TAIGHDE EOLAÍOCH**
3. **AN EOLAÍOCHT OSCAILTE**
4. **AN COMHIONANNAS INSCNE**
5. **GLACADH LEIS AN ÉAGSÚLACHT**
6. **AN TAIGHDEOIR**
7. **SAORCHÚRSAÍOCHT TAIGHDEOIRÍ**
8. **INBHUANAITHEACHT AN TAIGHDE**



Bailítear leis an gcolún seo bunphrionsabail na Cairte do Thaighdeoirí agus an gealltanas inti chun tacú le barr feabhais sa taighde, a thuigtear sa chomhthéacs sin mar na foirne agus na tionscadail taighde is fearr is féidir a chothú, saor ó chlaontacht inscne agus eile. Meastar go gcuirfidh na prionsabail faoin gcolún seo le bunchloch na físe maidir le Limistéar Eorpach Taighde a athbheochan, agus taighdeoirí, fostóirí taighde, cisteoirí agus lucht ceaptha beartas na hEorpa a spreagadh. Mar gheall ar chineál trasnach na luachanna sin uile, meastar go ndéanfar iad a phríomhshruthú agus a chur san áireamh agus an chuid eile de na prionsabail á n-úsáid.

## 1. An Eitic agus an tSláine Taighde [1]

Ba cheart do thaighdeoirí rialacha dochta eitice a chomhlíonadh agus na béasa a leanas a chleachtadh acu agus iad ag tabhairt faoina gcuid oibre: macántacht; iontaofacht; oibiachtúlacht; neamhchlaontacht agus neamhspleáchas; cumarsáid oscailte; dualgas cúraim; cothroime agus freagracht as na glúine eolaíochta a bheidh ann amach anseo. Is iad sin bunchlocha iad an taighde fhreagraigh iontaofa atá saor ó thionchar míchuí (lena n-áirítear an cur isteach eachtrach agus an choinbhleacht leasa). Is réamhriachtanas iad chun barr feabhais a bhaint amach, agus cuirtear bonn taca leo faoin bhfreagracht a bhíonn ar thaighdeoirí claontachtaí agus aicearraí modheolaíochta a sheachaint.

Ba cheart do thaighdeoirí cloí leis na cleachtais eitice aitheanta agus leis na bunphrionsabail eiticiúla is iomchuí ina ndisciplín nó ina ndisciplíní chomh maith le caighdeáin eiticiúla mar atá doiciméadaithe sna Cóid Eitice náisiúnta, earnála nó institiúideacha éagsúla.

Is ar na taighdeoirí iad féin atá an phríomhfhreagracht as an tsláine taighde. Ba cheart cultúr institiúideach sláine taighde a bheith ann chun tacú le taighdeoirí rialacha, nósanna imeachta agus treoirlínte a chruthú agus a urramú chomh maith le hoiliúint agus meantóireacht a chur ar fáil bunaithe ar mhalartú dea-chleachtas.

Chun dea-chleachtais taighde agus cultúr sláine taighde a chothú, ní mór do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann roinnt gnéithe a mheas, mar shampla, an tsláine taighde i dtimpeallachtaí taighde; oiliúint agus fothú acmhainneachta maidir leis an tsláine taighde; an tsláine taighde a bheith ina dlúthchuid de phróisis agus beartais taighde; beartais maidir le sonraí, foilsitheoireacht, scaipeadh, athbhreithniú, meastóireacht agus eagarthóireacht. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart sásraí a chur i bhfeidhm chun mí-iompar taighde a shainaithint, a thuairisciú agus a láimhseáil.

(1) An tSláine Taighde – Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 1 Nollaig 2015) – 14853/15 ón gComhairle.

Ba cheart do thaighdeoirí bradaíl de chineál ar bith a sheachaint. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar phrionsabail na comhúinéireachta nuair a dhéantar taighde i gcomhar le maoirseoirí agus/nó taighdeoirí eile – de réir mar is iomchuí i ndisciplín – agus i rialacha maidir le maoin intleachtúil. Ba cheart feidhm a bheith aige sin ag céimeanna uile an phróisis taighde lena n-áirítear bunsmaoineamh, ullmhú iarratas ar chistiú agus forbairt agus seachadadh torthaí. Níor cheart a dhéanamh amach gur bradaíl atá i gceist nuair is gá barúlacha a bhailíochtú trína léiriú gur féidir torthaí a atáirgeadh, , ar choinníoll go dtagraítear go sainráite do na sonraí atá le deimhniú.

Tá luachanna na heitice agus na sláine an-tábhachtach freisin nuair a bhíonn ról maoirseachta ag taighdeoirí. Ba cheart iad sin a chur i bhfeidhm go pras chun timpeallacht taighde atá sábháilte, cuimsitheach agus comhionann ó thaobh inscne de a áirithiú do gach duine lena mbaineann, go háirithe nuair a tharlaíonn idirdhealú, ciapadh gnéasach nó morálta, bac ar fhoghlaim nó ar obair thaighde, nó sealbhú pearsanta gan údar sonraí nó torthaí.

## 2. Saoirse an Taighde Eolaíoch

Is bunluach agus bunphrionsabal coiteann í saoirse an taighde eolaíoch le haghaidh comhar taighde laistigh den Limistéar Eorpach Taighde agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Ba cheart do thaighdeoirí a gcuid taighde a dhíriú ar leas an chine dhaonna agus chun talamh nua a bhriseadh i dtaca le heolas an duine, agus na saoirsí a leanas á dteachtadh acu: an tsaoirse smaointeoireachta, an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh, an tsaoirse chun ceisteanna taighde a shainiú, an tsaoirse modhanna a shainaithint trína réitítear fadhbanna, an tsaoirse chun teoiricí a roghnú agus a fhorbairt, an tsaoirse chun an tuiscint choiteann a cheistiú agus smaointe nua a thabhairt chun cinn agus an tsaoirse a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí acadúla gairmiúla nó ionadaíocha. Ba cheart ceart a bheith ag taighdeoirí torthaí a gcuid taighde a scaipeadh agus a fhoilsiú lena n-áirítear trí oiliúint agus trí theagasc. Ba cheart do thaighdeoirí, áfach, aitheantas a thabhairt do na teorainneacha atá leis an tsaoirse sin a d’fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar imthosca áirithe taighde – lena n-áirítear maoirseacht/treoraíocht/bainistíocht – nó srianta dlíthiúla nó oibríochtúla, e.g. ar chúiseanna a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, buiséad nó bonneagar.

## 3. An Eolaíocht Oscailte

Ba cheart do thaighdeoirí díriú ar bheith rannpháirteach i ngach gné den Eolaíocht Oscailte [(2)] agus ba cheart dá bhfostóirí agus dá gcisteoirí sin a éascú. Ba cheart dóibh a dtorthaí a roinnt go hoscailte, e.g. trí shonraí oscailte agus FAIR - sonraí inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte, foilseacháin rochtana oscailte, agus bogearraí oscailte, samhlacha agus algartaim. Ba cheart dóibh bearta a dhéanamh chun in-atáirgtheacht na dtorthaí taighde a áirithiú. Ba cheart é a bheith mar aidhm acu modheolaíochtaí Eolaíochta Oscailte a chleachtadh agus a bheith páirteach in athbhreithniú oscailte piaraí. Ba cheart d'fhostóirí agus do chisteoirí tacú le fíorchultúr Eolaíochta Oscailte, na huirlisí agus an bonneagar riachtanach a chur ar fáil di sin agus an cur chuige sin a chúiteamh ar fud an Aontais, lena n-áirítear rochtain oscailte ar fhoilseacháin léannta, ar shonraí taighde agus ar aschuir taighde eile a phríomhshruthú – i.e. de réir an phrionsabail 'a oscailte is féidir, a iata is gá' – agus scaipeadh agus glacadh phrionsabail agus chleachtais Eolaíochta Oscailte. Ba cheart é sin a dhéanamh agus breithniú á dhéanamh san am céanna ar dhifríochtaí idir disciplíní agus difríochtaí cultúrtha, lena n-áirítear ilteangachas, tacú le forbairt scileanna Eolaíochta Oscailte, agus an bonneagar digiteach agus an tseirbhís dhigiteach is bonn taca léi a fhorbairt agus a chomhtháthú a thuilleadh.

### Eolaíocht na Saoránach

Ba cheart do thaighdeoirí eolaíocht na saoránach a ionchorprú ina dtionscadail a mhéid is féidir agus i gcás inarb ábhartha. Ciallaíonn sé sin go mbeidh saoránaigh rannpháirteach i gcoincheapadh, dearadh agus cur chun feidhme tionscadal taighde ETIM agus SSH. Is bealach idéalach é seo chun an eolaíocht a dhaonlathú, muinín a chothú san eolaíocht, agus an fhaisnéis agus na cumais shochaíocha ollmhóra a ghiaráil chun taighde agus nuálaíocht den scoth a dhéanamh.

[(2)] An t-aistriú i dtreo Córas Eolaíochta Oscailte – Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 27 Bealtaine 2016) – 9526/16 ón gComhairle.

## 4. An Comhionannas Inscne

Ba cheart do na geallsealbhóirí uile comhionannas inscne agus cothromaíocht inscne a chothú i bhfoirne taighde, i gcomhlachtaí bainistíochta agus cinnteoireachta, i gcoistí earcaíochta agus ardaithe céime agus i ngrúpaí comhairleacha. Áirítear leis sin comhtháthú ghné na hinscne a chothú in ábhar an taighde, an teagaisc agus na nuálaíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht eolaíoch, barr feabhais agus ábharthacht shochaíoch an eolais arna tháirgeadh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhionannas inscne freisin foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh a chomhrac. Ba cheart dearcadh trasnach a bheith ag duine chun comhionannas inscne a thuiscint, dearcadh ar dá bhun a dtagann córais chumhachta éagsúla de chatagóir na hinscne agus de chatagóirí agus féiniúlachtaí sóisialta eile le chéile, agus ina dtreisíonn siad a chéile. Is féidir comhionannas inscne a chur chun cinn ar bhealach leormhaith trí athruithe institiúideacha inbhuanaithe, arna ndéanamh trí phleananna Comhionannais Inscne [(3)] nó a leithéidí, lena mbeifear in ann sáruithe a thuairisciú go cuí, agus lena n-áirítear córais faireacháin agus mheastóireachta.

Tá an chothromaíocht oibre is saoil ina príomhghné den chlaochlú ar chultúr eagraíochta agus comhionannas inscne á chur chun cinn. Tá an chothromaíocht oibre is saoil ábhartha do mhná agus fir araon, agus is é atá i gceist léi a áirithiú go dtugtar tacaíocht cheart do gach ball foirne chun a ngairm a chur chun cinn i gcomhthráth le freagrachtaí pearsanta a chomhlíonadh a d’fhéadfadh a bheith orthu lasmuigh den ionad oibre, lena n-áirítear freagrachtaí cúraim.

(3) Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025 [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] COM(2020) 152 final.

## 5. Glacadh leis an Éagsúlacht

Is croíphrionsabal den Limistéar Eorpach Taighde é éagsúlacht a chur san áireamh sa chiall leathan, lena n-áirítear, inter alia, inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, éagsúlacht shóisialta, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, agus idirdhealú ar gach foras a chomhrac. Ba cheart d'fhostóirí agus do chisteoirí fáilte a chur roimh an éagsúlacht ina dtaighdeoirí toisc go gcuireann taithí éagsúil saoil le tionscadail taighde mar gheall ar na dearcthaí luachmhara a thagann leis sin. Anuas air sin, d'fhéadfadh éagsúlacht na rannpháirtithe cur le torthaí taighde, torthaí a bhaineann leis na sochaithe ilghnéitheachta inar mairimid agus a chuireann leo. Ina theannta sin, ní mór claontachtaí neamh-chomhfhiosacha a aithint, mar shampla agus cúraimí á ndéanamh a bhaineann le fostú, ardú céime agus meastóireacht, agus ní mór cúiteamh a thabhairt ina leith nuair is féidir, go háirithe i réimse na heolaíochta.

## 6. An Taighdeoir

Is ag gabháil do cheapadh nó cruthú eolais eolaíoch nua a bhíonn gach taighdeoir bunaithe ar choincheapa nó hipitéisí bunaidh. Is gairmithe iad taighdeoirí ar cheart meas a bheith ar a gcuid oibre, gan beann ar an earnáil ina n-oibríonn siad. Ba cheart tús a chur leis sin ag tús a ngairmréime, is é sin ar leibhéal na hiarchéime, agus ba cheart gach leibhéal a áireamh ann, gan beann ar a aicmiú ar an leibhéal náisiúnta.

Ba cheart d'fhostóirí agus do chisteoirí conairí neamhlíneacha agus ilghairme a spreagadh agus tacú leo, a thuigfear mar chonairí a bhaineann go sonrach le soghluaisteacht gheografach, dhisciplíneach, idir-earnála agus idir-eagraíochta – e.g. iasachtaí. Ba cheart dóibh spreagadh a thabhairt do chonairí hibrideacha freisin lena gcomhcheanglaítear earnálacha éagsúla go comhuaineach, ar cheart iad a mheas a bheith ar comhchéim le conairí gairme líneacha.



## Meon Gairmiúil

Ba cheart eolas a bheith ag taighdeoirí ar na spriocanna straitéiseacha lena rialaítear a dtimpeallacht taighde agus a sásraí cistiúcháin agus ba cheart dóibh gach formheas is gá a lorg sula dtosóidh siad a gcuid taighde nó sula ndéanfaidh siad na hacmhainní a sholáthraítear a rochtain. Ba cheart do thaighdeoirí a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go mbeadh a gcuid taighde ábhartha don tsochaí trí thuiscint níos fearr ar an saol a éascú, agus nach ndúblálfadh sé, gan gá, taighde a rinneadh áit éigin eile roimhe seo. Ní mór luachshocrú éifeachtúil a dhéanamh ar thorthaí taighde lena aghaidh sin.

Ba cheart cumarsáid shoiléir a bheith ann idir taighdeoirí agus fostóirí, cisteoirí nó maoirseoirí nuair a chuirtear moill ar thionscadal taighde, nuair a athshainítear é nó nuair a thugtar i gcrích é; ba cheart fógra a thabhairt má táthar le deireadh a chur le tionscadal taighde go luath nó é a chur ar fionraí ar chúis ar bith.

## Cuntasacht

Is é atá i gceist le bheith cuntasach go nglacann duine freagracht as a ghníomhaíochtaí agus taighde á dhéanamh aige. Ní mór do thaighdeoirí a bheith ar an eolas go bhfuil siad freagrach i leith a bhfostóirí, a gcisteoirí nó i leith comhlachtaí poiblí nó príobháideacha gaolmhara eile agus, ar fhorais níos eiticiúla, i leith na sochaí. Taighdeoirí a fhaigheann cistiú ó chistí poiblí, tá siad cuntasach faoi úsáid éifeachtúil airgead na gcáiníocóirí freisin. Dá réir sin, ba cheart dóibh cloí le prionsabail na bainistíochta fónta, trédhearcaí agus éifeachtúla airgeadais agus comhoibriú le linn aon iniúchtaí údaraithe ar a dtaighde, bíodh sé gurb é a bhfostóirí/a gcisteoirí a dhéanann iad nó gur coistí eitice a dhéanann iad. Táthar ag súil, dá bhrí sin, gur eiseamláir d'iompar eiticiúil iad a bheith i dtaighdeoirí dá bpiaraí agus don tsochaí i gcoitinne.

Maidir le modhanna bailiúcháin agus anailíse, na haschuir agus, i gcás inarb infheidhme, mionsonraí na sonraí, ba cheart dóibh a bheith oscailte i gcomhair grinnscrúdú inmheánach agus seachtrach, aon uair is gá agus de réir mar a iarrann na húdaráis iomchuí. Tá sé sin tábhachtach freisin chun na sonraí a dhéanamh oscailte agus chun cuidiú le hin-atáirgtheacht na dtorthaí a áirithiú.

## 7. Saorchúrsaíocht taighdeoirí

Ba cheart d'fhostóirí agus do chisteoirí saorchúrsaíocht taighdeoirí, faisnéise eolaíche agus teicneolaíochta a chur chun cinn, agus daoine tréitheacha a mhealladh, chomh maith le himirce fhéideartha na ndaoine tréitheacha a sheachaint san am céanna. Ba cheart dóibh aitheantas a thabhairt don luach a bhaineann le soghluaisteacht gheografach, idirinstitiúideach, idirearnálach, idirdhisciplíneach agus thrasdisciplíneach mar bhealaí tábhachtacha chun eolas agus forbairt ghairmiúil a fheabhsú ag aon chéim de ghairm an taighdeora, agus luach agus aitheantas iomlán a thabhairt d'aon taithí soghluaisteachta laistigh dá dhul chun cinn gairme nó dá chóras breithmheasa. Cruthaíodh gur sócmhainn bhailí í an tsoghluaisteacht fhíorúil agus is féidir sin a áireamh freisin. Ní mór, ar an ábhar sin, na hionstraimí riaracháin is gá a chur i bhfeidhm ionas gur féidir deontais agus forálacha slándála sóisialta a bheith inaistrithe, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

## 8. Inbhuanaitheacht an Taighde

Ba cheart do thaighdeoirí, fostóirí agus cisteoirí cur chun feidhme inbhuanaithe gníomhaíochtaí taighde a chur chun cinn i gcomhréir leis na tionscnaimh beartais atá á nglacadh faoi láthair agus a ghlacfar amach anseo chun an tsochaí a chur chun cinn, mar shampla, an Comhaontú Glas don Eoraip, Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí trí chultúr institiúideach lena mbainistítear an taighde ar bhealach inbhuanaithe, agus lena gcuirtear ar fáil oiliúint agus meantóireacht bunaithe ar mhalartú dea-chleachtas. Ba cheart do thaighdeoirí a bheith ar thús cadhnaíochta maidir lena n-astaíochtaí carbóin a laghdú ar bhealach lena dtugtar dea-shampla do dhaoine eile laistigh den phobal taighde.

Is féidir 'Cairt Ghlas MSCA' an Choimisiúin Eorpaigh, a forbraíodh faoi chuimsiú Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC), a úsáid mar phointe tagartha.

# COLÚN 2

# Measúnú, Earcaíocht agus Dul Chun Cinn na dTaighdeoirí

1. MEASÚNÚ TAIGHDEOIRÍ
2. EARCAÍOCHT
3. ROGHNÚ
4. DUL CHUN CINN GAIRME



**Agus measúnú á dhéanamh ar thaighdeoirí, ba cheart a áirithiú go dtabharfar aitheantas agus cúiteamh cothrom do ghairmeacha taighdeoirí gan beann ar earnáil na fostaíochta nó na gníomhaíochta, agus ba cheart é a bheith ag leanúint cur chuige neamhchlaonta atá bunaithe ar thallann. Tá beartais cothroma maidir le hearcaíocht agus roghnú taighdeoirí ríthábhachtach chun margadh saothair oscailte a bhaint amach do thaighdeoirí, rud a chuideoidh leis an Limistéar Eorpach Taighde a chur chun cinn.**

## 1. Measúnú Taighdeoirí

Agus measúnú ar thaighdeoirí á dhéanamh, ba cheart a bheith in ann meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighdeoirí agus taighde chun an cháilíocht agus an tionchar is mó a bhaint amach. Chuige sin, ní mór aitheantas a thabhairt do ghníomhaíochtaí, cleachtais agus aschuir taighde ar mó a éagsúlacht. Dá réir sin, ba cheart an measúnú a bheith bunaithe go príomha ar bhreithiúnas cáilíochtúil, a bhfuil athbhreithniú piaraí agus saineolaithe ábhartha eile ina dhlúthchuid de, agus úsáid fhreagrach táscairí cainníochtúla mar thaca leis. Ba cheart aitheantas a thabhairt do rannchuidithe leis an nuálaíocht, go háirithe d’iarrthóirí as cúlra tionsclaíochta.

Ba cheart d’fhostóirí agus cisteoirí tacú le córas le haghaidh measúnú agus cúiteamh taighdeoirí lena gcuirtear san áireamh cáilíocht fhoriomlán a dtionchair ar an tsochaí, ar an eolaíocht agus ar an nuálaíocht, éagsúlacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar, cleachtais Eolaíochta Oscailte, agus luach na soghluaisteachta geografaí, idirdhisciplíní agus idirearnálaí. Ba cheart don chóras sin:

a. a bheith bunaithe ar bhreithiúnas cáilíochtúil neamhchlaonta arna sholáthar ag piaraí agus saineolaithe ábhartha, agus úsáid fhreagrach táscairí cainníochtúla mar thaca leis;
b. aitheantas a thabhairt don cháilíocht agus do na tionchair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag an taighde ar an tsochaí, ar an eolaíocht agus ar an nuálaíocht;
c. éagsúlacht aschuir a aithint, inter alia, foilseacháin, tacair sonraí, bogearraí, modheolaíochtaí, prótacail, paitinní, samhlacha, teoiricí, algartaim, sreafaí oibre, taispeántais, straitéisí, agus rannchuidithe beartais; éagsúlacht gníomhaíochtaí, inter alia, meantóireacht, maoirseacht taighde, róil cheannaireachta, fiontraíocht, bainistiú sonraí FAIR – de réir na bprionsabal inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte – athbhreithniú piaraí, teagasc, luacháil eolais, comhar idir lucht tionsclaíochta agus lucht acadúil, tacaíocht do cheapadh beartais fianaisebhunaithe, idirghníomhaíocht idir an tsochaí, lucht bainistíochta agus lucht ceannaireachta, maoirseacht, obair foirne, seirbhísí don tsochaí, cumarsáid eolaíochta agus críochnúlacht mhodheolaíochta; agus éagsúlacht cleachtas, inter alia Eolaíocht Oscailte, luathroinnt eolais agus sonraí, agus comhar oscailte, chomh maith le gach taithí soghluaisteachta, idir gheografach, idirearnálach, idirinstitiúideach, idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach;
d. a áirithiú go gcomhlíonann gníomhaíocht taighdeoirí ardchaighdeáin eitice agus sláine, go gcuirtear i bhfeidhm leis taighde a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus go n-urramaítear leis dea-chleachtais, lena n-áirítear cleachtais oscailte chun torthaí agus modheolaíochtaí taighde a chomhroinnt, pé uair is féidir;
e. úsáid a bhaint as critéir agus próisis mheasúnaithe lena n-urramaítear éagsúlacht na ndisciplíní taighde agus na gcomhthéacsanna náisiúnta;
f. tacú le héagsúlacht próifílí taighdeoirí agus conairí gairme, agus luach a chur ar an méid a rannchuidíonn daoine aonair, agus lena chois sin ar ról na bhfoirne, ar an obair chomhoibríoch, agus ar an idirdhisciplíneacht freisin;
g. cothromaíocht inscne, comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus cuimsitheacht a áirithiú.

Chun comhleanúnachas a áirithiú i ndáil le cur chun feidhme na bprionsabal sin, ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí oiliúint leanúnach a chothú do na gníomhaithe a bhíonn páirteach sa phróiseas measúnaithe agus cúitimh.

## 2. Earcaíocht

I gcomhréir le prionsabail na saoirse acadúla agus an neamhspleáchais institiúidigh, moltar d'fhostóirí agus do chisteoirí nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin a bhunú a bheidh oscailte, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas, gan pionós a ghearradh as sosanna gairme a thógáil ná as conairí neamhlíneacha, ilghairme agus hibrideacha a leanúint. Ba cheart barr feabhais, comhionannas inscne agus éagsúlacht a lorg leis na nósanna sin, agus iad a bheith oiriúnaithe don chineál poist a fhógraítear. Ba cheart tuairisc chuimsitheach ar an eolas agus ar na hinniúlachtaí a éilítear a áireamh i bhfógraí, lena n-áirítear tuairisc ar na dálaí oibre agus na teidlíochtaí, na hionchais forbartha gairme agus forbhreathnú ar an amlíne. Ba cheart na hiarrthóirí a chur ar an eolas, roimh an roghnú, faoin bpróiseas earcaíochta agus faoi na critéir roghnúcháin, faoin líon post atá ar fáil agus faoi na hionchais forbartha gairme. Ba cheart comhaltaí an Choiste a chur ar an eolas faoi phrionsabail na hearcaíochta córa agus ba cheart oiliúint a chur orthu ina leith sin.

### Athruithe in ord croineolaíoch CVanna

Níor cheart pionós a ghearradh as sosanna gairme nó as difríochtaí in ord croineolaíoch CVanna, ach ba cheart iad a mheas mar fhorbairt gairme, agus dá réir sin, mar rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith luachmhar d'fhorbairt ghairmiúil na dtaighdeoirí ar mhaithe le conair ghairme ilghnéitheach. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag iarrthóirí CVanna fianaisebhunaithe a chur isteach, ina léirítear réimse ionadaíoch gnóthachtála agus cáilíochtaí atá iomchuí don phost a bhfuil siad ag cur isteach air.

### Sinsearacht

Ba cheart an leibhéal na gcáilíochtaí a éilítear a bheith i gcomhréir le riachtanais an phoist agus níor cheart iad a shocrú mar bhacainn ar iontráil. Sa mheastóireacht ar cháilíochtaí, ba cheart díriú ar bhreithiúnas a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag an duine seachas ar a gcúinsí nó ar chlú na hinstitiúide ina bhfuarthas na cáilíochtaí. Ós rud é gur féidir cáilíochtaí gairmiúla a bhaint amach ag céim luath de ghairm fhada, ba cheart patrún na forbartha gairmiúla ar feadh an tsaoil a mholadh agus a aithint freisin.

## 3. Roghnú

Mar chuid den earcaíocht, ba cheart don phróiseas roghnúcháin an raon iomlán de thaithí na n-iarrthóirí' a chur san áireamh. Cé nach mór díriú ar a gcumas foriomlán mar thaighdeoirí, ba cheart breathnú freisin ar a gcruthaitheacht — a dhéantar measúnú uirthi ar bhonn a modhanna taighde, a gcur chuige agus a n-aschuir nuálacha — agus ar a leibhéal neamhspleáchais. Ba cheart saineolas, inniúlachtaí agus taithí éagsúil a thabhairt le chéile sna coistí roghnúcháin atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an iarrthóir. Ba cheart cothromaíocht inscne leordhóthanach a bheith sna coistí roghnúcháin freisin agus, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta, ba cheart comhaltaí ó earnálacha éagsúla a áireamh ann – idir earnálacha poiblí agus earnálacha príobháideacha – agus ó dhisciplíní éagsúla, agus ó thíortha eile. Nuair is féidir, ba cheart raon leathan cleachtas roghnúcháin a úsáid, mar shampla measúnú saineolaithe seachtracha agus agallaimh aghaidh ar aghaidh agus ar líne. Ba cheart oiliúint leordhóthanach a chur ar chomhaltaí na bpainéal roghnúcháin go háirithe chun claontacht inscne nó aon chlaontacht neamh-chomhfhiosach eile a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú. Ba cheart gach iarrthóir a chur ar an eolas i ndiaidh an phróisis roghnúcháin faoi láidreachtaí agus laigí a n-iarratais.

### Neamh-idirdhealú

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí gan idirdhealú a dhéanamh in aghaidh taighdeoirí ar aon bhealach bunaithe ar inscne, aois, bunadh eitneach, náisiúnta nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, gnéaschlaonadh, teanga, míchumas, tuairim pholaitiúil, dáil shóisialta nó eacnamaíoch.



## 4. Dul chun cinn gairme

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí córais mheastóireachta/mheasúnaithe a thabhairt isteach do gach taighdeoir, lena n-áirítear taighdeoirí sinsearacha, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú a ndualgas ar bhonn tráthrialta agus ar bhealach trédhearcach ag coiste neamhspleách (agus, i gcás taighdeoirí sinsearacha, coiste idirnáisiúnta más féidir). Maidir le conairí neamhlíneacha agus ilghairme a bhfuil soghluaisteacht gheografach, earnála agus idir-eagraíochta mar shaintréith acu, nó conairí hibrideacha arb é is príomhthréith dóibh teaglaim chomhuaineach d'earnálacha, ba cheart iad a aithint agus a bhreithniú go hiomlán ar aon dul le conairí líneacha gairme. Tuigtear gur gairmeacha iad conairí líneacha ina ndéantar dul chun cinn díreach ó phost amháin go post eile, laistigh den réimse nó den disciplín céanna de ghnáth.

Ba cheart aird chuí a thabhairt sna nósanna imeachta meastóireachta agus breithmheasa sin ar acmhainneacht fhoriomlán na dtaighdeoirí, ar a gcruthaitheacht taighde, ar a n-aischur taighde (e.g. foilseacháin, sonraí, bogearraí, samhlacha, algartaim, modhanna, prótacail, paitinní, rannchuidithe beartais), a ngníomhaíochtaí (e.g. bainistíocht agus ceannaireacht, teagasc/léachtóireacht, athbhreithniú piaraí, maoirseacht, meantóireacht, fiontraíocht, luachshocrú eolais, comhar náisiúnta nó idirnáisiúnta, dualgais riaracháin, seirbhís don tsochaí, cumarsáid eolaíochta agus idirghníomhaíocht leis an tsochaí), a n-iompar taighde (e.g. cleachtas eitice agus sláine, déine mhodheolaíochta, luathroinnt eolais agus sonraí, comhar oscailte) agus a soghluaisteacht. Ba cheart iad seo go léir a chur san áireamh i gcomhthéacs dul chun cinn gairme.

Tá gá le córas gairme aontachais agus dul chun cinn atá trédhearcach, struchtúrtha, cuimsitheach agus comhionann ó thaobh inscne de chun gairmeacha sa saol acadúil a threisiú, suas go dtí na poist is airde. D'fhéadfaí breathnú ar chórais a fhorbairt atá ar aon dul le córas tionachta nó ráillí chun na críche sin ar leibhéal na mBallstát agus na n-eagraíochtaí déanta taighde, ar córais iad atá le tuiscint mar chreataí sainithe lena ngabhfadh dul chun cinn ó chonradh ar théarma seasta go post buan ach meastóireacht dhearfach a fháil.

### Comhúdarthacht

Ba cheart d'institiúidí comhúdarthacht a mheas ar bhealach dearfach agus meastóireacht á déanamh ar an bhfoireann, mar fhianaise ar chur chuige cuiditheach i leith taighde a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí straitéisí, cleachtais agus nósanna imeachta a fhorbairt chun na creat dálaí is gá a chur ar fáil do thaighdeoirí, lena n-áirítear iad siúd ag tús a ngairmeacha taighde, ionas gur féidir leo leas a bhaint as an gceart chun bheith aitheanta, liostaithe agus/nó luaite, i gcomhthéacs a ranníocaíochtaí iarbhír, mar chomhúdair páipéar, mar chomhcheapadóirí paitinní, etc., nó chun a dtorthaí taighde féin a fhoilsiú go neamhspleách ar a stiúrthóirí. Ba cheart dóibh freisin oiliúint agus ceardlanna a thairiscint do thaighdeoirí, go háirithe taighdeoirí luathghairme, maidir le cleachtais údarúcháin eiticiúla, lena n-áirítear tuiscint ar rannchuidithe aonair agus a gcearta agus a bhfreagrachtaí.

### Aitheantas a thabhairt do thaithí shoghluaisteachta

Aon taithí shoghluaisteachta ábhartha, ba cheart í a mheas mar rannchuidiú luachmhar le forbairt ghairmiúil taighdeora. I measc na samplaí tá fanacht i dtír/réigiún eile nó i dtimpeallacht taighde eile – poiblí nó príobháideach, athrú ó dhisciplín nó ó earnáil amháin go disciplín nó earnáil eile, bíodh sin mar chuid den oiliúint taighde tosaigh nó ag céim níos déanaí den ghairm taighde, nó taithí ar shoghluaisteacht fhíorúil, ba cheart í a mheas mar rannchuidiú luachmhar le forbairt ghairmiúil taighdeora.

# COLÚN 3 Dálaí agus Cleachtais Oibre

1. DÁLAÍ OIBRE, CISTIÚ AGUS TUARASTAIL
2. COBHSAÍOCHT FOSTAÍOCHTA
3. OIBLEAGÁIDÍ CONARTHACHA AGUS DLÍTHIÚLA
4. SCAIPEADH AGUS SAOTHRÚ TORTHAÍ



Ba cheart feabhas a chur ar dhálaí oibre taighdeoirí a bheith i gcroílár chreat beartais an Aontais do ghairmeacha taighde. Laistigh den réimse sin, moltar roinnt gníomhaíochtaí chun cur le cobhsaíocht na fostaíochta agus leis an sainmhíniú ar chearta saothair agus oibleagáidí na dtaighdeoirí, faoi réir na reachtaíochta náisiúnta agus na n-imthosca náisiúnta. Leagtar béim air freisin gur gá d'fhostóirí agus cisteoirí cultúr taighde a fhorbairt le haghaidh barr feabhais sa taighde agus pobal rathúil taighde a éascú.

## 1. Dálaí oibre, cistiú agus tuarastail

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a áirithiú go soláthrófar leis na dálaí oibre do thaighdeoirí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, i gcás inarb iomchuí, an tsolúbthacht agus an inrochtaineacht a mheastar a bheith fíor-riachtanach le haghaidh feidhmíocht rathúil taighde i gcomhréir leis an reachtaíocht agus imthosca náisiúnta atá ann cheana agus le comhaontuithe cómhargála náisiúnta nó earnálacha. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu dálaí oibre a sholáthair chun an saol pearsanta, an teaghlach, an cúram, an tsláinte, an tsábháilteacht agus an fholláine fhoriomlán a chomhcheangal, gan dochar do ghairmeacha taighde. Ba cheart aird ar leith a thabhairt, inter alia, ar

uaireanta oibre solúbtha, obair pháirtaimseartha, cianobair agus saoire shabóideach, agus ar na forálacha airgeadais agus riaracháin is gá lena rialaítear na socruithe sin. Ba cheart d'fhostóirí dálaí agus timpeallacht oibre a sholáthar ina gcuirtear meabhairshláinte agus folláine fhisiciúil taighdeoirí chun cinn, lena n-áirítear nósanna imeachta iomchuí chun foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear gnéaschiapadh, a chosc agus a chomhrac.

### Timpeallacht taighde

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí taighdeoirí a áirithiú go gcruthófar an timpeallacht taighde nó oiliúna taighde is spreagúla ina gcuirtear ar fáil trealamh, saoráidí agus deiseanna iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh cian-chomhoibriú thar líonraí taighde, agus an leibhéal sláinte agus sábháilteachta is airde i gcomhréir le rialacháin an Aontais, náisiúnta agus earnálacha. Ba cheart do chisteoirí a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun tacú leis an gclár oibre comhaontaithe. Go háirithe, tá sé tábhachtach foireann tacaíochta cáilithe a bheith ann – e.g. bainisteoirí taighde agus riarthóirí.

### Gearáin/achomhairc

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí taighdeoirí, i gcomhréir le rialacha agus rialacháin ábhartha an dlí náisiúnta, dhlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta, nósanna imeachta iomchuí a bhunú, i bhfoirm ombudsman neamhchlaonta b'fhéidir, chun déileáil le gearáin/achomhairc taighdeoirí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le coinbhleachtaí idir stiúrthóirí agus taighdeoirí na Chéad Chéime (R1)/taighdeoirí Aitheanta (R2). Leis na nósanna imeachta sin, ba cheart cúnamh rúnda agus neamhfhoirmiúil a chur ar fáil do gach ball foirne taighde chun coinbhleachtaí, díospóidí agus casaoidí a bhaineann leis an obair a réiteach, agus é d'aidhm acu cóir chothrom chomhionann a chur chun cinn laistigh den institiúid agus feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na ndálaí agus na timpeallachta oibre.

### Rannpháirtíocht i rialachas eagraíochta

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a aithint go bhfuil sé cuí agus cóir, agus go deimhin inmhianaithe, ionadaíocht a bheith ag taighdeoirí i gcomhlachtaí ábhartha faisnéise, comhairliúcháin agus cinnteoireachta na n-institiúidí lena n-oibríonn siad, chun a leasanna aonair agus comhchoiteanna a chosaint agus a chur chun cinn agus chun rannchuidiú go gníomhach le feidhmiú na hinstitiúide.

### Cistiú agus tuarastail

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí taighdeoirí a áirithiú go bhfuil taighdeoirí, gan beann ar a stádas, ag teacht ar dhálaí luacha saothair atá cóir agus tarraingteach –cistiú agus tuarastail – ag a bhfuil forálacha slándála sóisialta oiriúnacha agus cothromasacha – lena n-áirítear sochair bhreoiteachta, cúraim sláinte agus thuismitheora, cearta pinsin agus sochair dhífhostaíochta, sochair easláine agus sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galar ceirde – i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana agus le comhaontuithe cómhargála náisiúnta nó earnálacha. Ní mór taighdeoirí ag gach céim den ghairm a bheith san áireamh leis sin, lena n-áirítear taighdeoirí na Chéad Chéime (R1), i gcomhréir lena stádas dlíthiúil, lena bhfeidhmíocht agus lena leibhéal cáilíochtaí agus/nó freagrachtaí. Ba cheart taighdeoirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus a n-oibleagáidí maidir le tuiscint a fháil ar conas a ghearrtar cáin ar a dtuarastail. Ba cheart freisin faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil dóibh maidir le cearta cosanta sóisialta, mar shampla cearta pinsin náisiúnta.

## 2. Cobhsaíocht fostaíochta

Ba cheart do fhostóirí agus cisteoirí gníomhaíochtaí daingne a dhéanamh chun cur i gcoinne fheiniméan na neamhchinnteachta fostaíochta agus chun tacú le slándáil agus cobhsaíocht na bpost. D'fhéadfadh bunú uastairseach, ar bhonn deonach, maidir le líon na gconarthaí ar théarma seasta in aghaidh na heagraíochta in acmhainní daonna foriomlána na dtaighdeoirí a chur san áireamh leis sin. Agus cúraimí taighde buana nó fadtéarmacha nó cúraimí taighde athfhillteacha á gcomhlíonadh, is iad na conarthaí buana nó na conarthaí neamhiata a mholtar mar an ionstraim iomchuí. Ba cheart do



thaighdeoirí atá ar chonarthaí ar théarma seasta tairbhe a bhaint as seirbhísí sonracha forbartha gairme agus comhairleacha chun leanúnachas gairme a áirithiú.

### Taighdeoirí luathghairme (R1-R2)

Is saincheist ar leith sa saol acadúil í éiginnteacht na fostaíochta. Chun an staid sin a chomhrac, is féidir bearta sonracha a thabhairt isteach chun tacú le taighdeoirí luathghairme, faoi réir i gcónaí na reachtaíochta náisiúnta agus na n-imthosca náisiúnta. Baineann ceann amháin go sonrach le cosaint shóisialta agus dálaí oibre is infheidhme maidir le taighdeoirí ag céimeanna gairme eile a sholáthar do R1, mar aon le hioncam leordhóthanach. Is é an dara ceann rannpháirtíocht taighdeoirí luathghairme i bhfoirne taighde a chur chun cinn i gcás nach mbaineann na cúraimí riachtanacha ach lena n-oiliúint eolaíoch agus ina n-aithnítear soghluaisteacht idirinstitiúideach, idirearnálach, idirdhisciplíneach agus gheografach, lena n-áirítear soghluaisteacht fhíorúil. Ina theannta sin, ba cheart d'institiúidí ceapacháin rialacha soiléire agus treoirlínte sainráite a leagan síos maidir le taighdeoirí aitheanta (R2) a earcú agus a cheapadh, lena n-áirítear uasfhad agus cuspóirí na gceapachán sin. Ba cheart breathnú sna treoirlínte sin ar an am a caitheadh i gceapacháin iardhochtúireachta roimhe sin in institiúidí eile agus é a chur san áireamh gur cheart an stádas iardhochtúireachta a bheith idirthréimhseach, agus é mar phríomhchuspóir deiseanna breise forbartha gairmiúla a chur ar fáil gairm a leanúint sa taighde i gcomhthéacs ionchais ghairme fhadtéarmacha ag a bhfuil conradh ar théarma seasta nó tionacht.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a ndícheall a dhéanamh maidir le taighdeoirí luathghairme a chur ar an eolas faoi dheiseanna gairme, laistigh agus lasmuigh den saol acadúil, lena dtairgtear forbairt leathan ghairmiúil, go háirithe le linn chéim R2, ionchais ghairme níos trédhearcaí agus níos intuartha, agus deiseanna foghlama obairbhunaithe in earnálacha éagsúla.

## 3. Oibleagáidí conarthacha agus dlíthiúla

Ba cheart do thaighdeoirí ar gach leibhéal a bheith eolach ar na rialacháin náisiúnta, earnála nó institiúideacha lena rialaítear oiliúint agus dálaí oibre. Áirítear leis sin na rialacháin maidir le cearta maoine intleachtúla, agus na ceanglais agus na coinníollacha arna leagan síos ag urraitheoirí nó cisteoirí, go neamhspleách ar chineál a gconartha. Ba chóir d'fhostóirí agus cisteoirí cóipeanna de na doiciméid seo a sholáthar i mBéarla. Ba cheart do thaighdeoirí cloí leis na rialacháin sin trí na torthaí a cheanglaítear a sheachadadh – e.g. tráchtais, foilseacháin, paitinní, tuarascálacha, táirgí nua, etc. – mar a leagtar amach i dtéarmaí agus coinníollacha an chonartha nó an doiciméid choibhéisigh.

Ó tharla go gcuirtear béim níos mó anois ar an tslándáil eolais, ba cheart do thaighdeoirí cleachtais oibre shábháilte a úsáid i gcónaí, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear na réamhchúraimí is gá a dhéanamh maidir le sláinte agus sábháilteacht agus maidir le téarnamh ó ionsaithe cibearshlándála agus tubaistí teicneolaíochta faisnéise, e.g., trí straitéisí cúltaca cuí a ullmhú. Ba cheart dóibh a bheith eolach freisin ar na ceanglais dlí náisiúnta agus ar cheanglais dlí an Aontais atá ann faoi láthair maidir leis na ceanglais i dtaca le cosaint sonraí agus i dtaca le cosaint rúndachta agus ba cheart dóibh na bearta is gá a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh i gcónaí.

## 4. Scaipeadh agus saothrú torthaí

Ba cheart do gach taighdeoir an Eolaíocht Oscailte a chleachtadh chun a áirithiú, i gcomhréir lena socruithe conarthacha, go ndéanfar torthaí a dtaighde a scaipeadh, a chur ar fáil go hoscailte agus a shaothrú, e.g. na torthaí a chur in iúl, a aistriú go suíomhanna taighde eile agus, más iomchuí, a thráchtálú. Táthar ag súil go mbeidh taighdeoirí sinsearacha ar thús cadhnaíochta i dtaca lena áirithiú go mbeidh an taighde torthúil agus go n-úsáidfear na torthaí ar bhonn tráchtála agus/nó go gcuirfear ar fáil don phobal iad aon uair a thagann an deis chun cinn.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a gcuid taighdeoirí a éascú i ndáil leis sin tríd an oiliúint ábhartha scileanna a chur orthu agus trí rochtain a thabhairt dóibh ar an gcistiú, an bonneagar agus an tacaíocht iomchuí. Ba cheart d'fhostóirí agus do chisteoirí rannpháirtíocht na dtaighdeoirí sa chleachtais Eolaíochta Oscailte a aithint, a dhreasú agus a chúiteamh i dtaca le hearcaíocht, dul chun cinn gairme agus measúnú ar chlár cistiúcháin.

### Sócmhainní Intleachtúla lena n-áirítear Cearta Maoine Intleachtúla

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a áirithiú go gcúitítear taighdeoirí ag gach céim den ghairm go leordhóthanach as na tairbhí a eascraíonn as an úsáid a bhaintear – más ann di – as torthaí a ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, trí chomhúinéireacht na gceart maoine intleachtúla a ráthú i gcás inarb iomchuí mar shampla cóipcheart. Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí aghaidh a thabhairt air sin go sainráite ina straitéis bhainistíochta um shócmhainní intleachtúla agus ba cheart dóibh an straitéis sin a chur ar fáil go poiblí. Leis an straitéis bhainistíochta um shócmhainní intleachtúla, ba cheart cruthú, bainistiú, úinéireacht agus úsáid gach cineáil sócmhainní intleachtúla a chumhdach – lena n-áirítear foilseacháin a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu, sonraí, fios gnó agus caighdeáin, agus tacú le cleachtais Eolaíochta Oscailte.

Ba cheart tagairt shainráite a dhéanamh sa straitéis d'fhorálacha úinéireachta agus do chearta rochtana do thaighdeoirí agus/nó, i gcás inarb infheidhme, dá bhfostóirí nó dá bpáirtithe eile, lena n-áirítear comhpháirtithe tionscail, mar a fhoráiltear dó sin faoi chomhaontuithe comhair sonracha nó faoi chineálacha eile comhaontaithe.

### Rannpháirtíocht an Phobail

Ba cheart do thaighdeoirí a áirithiú go gcuirtear a ngníomhaíochtaí taighde in iúl don phobail i gcoitinne ar bhealach gur féidir le daoine nach speisialtóirí iad iad a thuiscint, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar an eolaíocht. Le rannpháirtíocht dhíreach leis an tsochaí shibhialta agus leis na saoránaigh, cuideofar le taighdeoirí tuiscint níos fearr a fháil ar leas an phobail i dtosaíochtaí don taighde agus ar ábhair imní an phobail, agus leas a bhaint as acmhainneacht an chomhdhearaidh agus an chomhchruthaithe leis an tsochaí i gcás inarb ábhartha.

# COLÚN 4

## Gairmeacha Taighde agus Forbairt Tallainne

1. GAIRMEACHA ÉAGSÚLA TAIGHDE A LUACHÁIL
2. FORBAIRT GAIRME AGUS COMHAIRLE
3. FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH
4. MAOIRSEACHT AGUS MEANTÓIREACHT



**Tá an pobal taighde éagsúil ó thaobh tallann, scileanna, acmhainní, agus inniúlachtaí agus ról de. Dá mhéad a chothaítear agus a fhorbraítear na tallanna sin, is ea is fearr cáilíocht an taighde, agus ábharthacht shochaíoch an eolais a tháirgtear. Tá gá le forbairt ghairmiúil leanúnach mar aon le hoiliúint scileanna a spreagadh chun inniúlacht a choinneáil ar bun agus raon leathan deiseanna gairme a chur ar fáil do thaighdeoirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.**

### 1. Gairmeacha Éagsúla Taighde a Luacháil

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a aithint go bhféadfadh gairmeacha ard-éagsúlachta a bheith ag taighdeoirí sa taighde agus i bhfeidhmeanna eile. Is iondúil go n-áirítear le héagsúlú soghluaisteacht de gach cineál: soghluaisteacht idirnáisiúnta, idirearnálach, idirinstitiúideach, idirdhisciplíneach agus thrasdisciplíneach agus fhíorúil. Chuige sin, teastaíonn measúnú cáilíochta atá bunaithe ar thallann agus atá íogair ó thaobh éagsúlachta de. Leis an gcur chuige, ba cheart úsáid fhreagrach na méadrachta a chothú agus rannchuidithe éagsúla agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu a bhreithniú. Fachtóirí atá chomh tábhachtach céanna is ea gníomhaíochtaí agus cleachtais éagsúla mar shampla teagasc agus scileanna, athbhreithniú piaraí, bainistiú agus ceannaireacht, maoirseacht, meantóireacht agus luachshocrú eolais. Ina theannta

sin, ní mór gníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta, fiontraíocht agus comhar leis an tionscal, gníomhaíochtaí ceapadh beartas atá fianaisebhunaithe a fhorbairt, cumarsáid eolaíochta agus idirghníomhaíocht leis an tsochaí, cleachtais Eolaíochta Oscailte, eolaíocht foirne agus gníomhaíochtaí gaolmhara chomh maith leis an tsoghluaisteacht a chur san áireamh freisin.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí bearta a chur i bhfeidhm chun taighdeoirí, go háirithe taighdeoirí luathghairme, a chur ar an eolas maidir leis na deiseanna atá ar fáil i ngach earnáil ábhartha agus chun cultúr éagsúlaithe gairmeacha a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt phearsanta agus ghairmiúil níos fearr. Chuige sin, beidh gá le seirbhísí comhairleacha, meantóireachta agus tacaíochta gairme chun soghluaisteacht idirearnálach, idirdhisciplíneach agus gheografach a spreagadh, chomh maith le gníomhaíochtaí fiontraíochta a chruthú agus a fhorbairt.

## 2. Forbairt Gairme agus Comhairle

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí na dtaighdeoirí, faoi chuimsiú a mbainistíochta acmhainní daonna más féidir, straitéis shonrach forbartha gairme a tharraingt suas do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairm, gan beann ar a staid chonarthach, lena n-áirítear do thaighdeoirí ar chonarthaí ar théarma seasta. Sa chomhthéacs seo, ba cheart tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí chun plean gairme aonair a fhorbairt chun an oiliúint agus an taighde is gá a shainaithint chun a spriocanna gairme a bhaint amach. Ba cheart infhaighteacht meantóirí a áireamh ann, meantóirí a mbíonn baint acu le tacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil taighdeoirí, agus ar an gcaoi sin iad a spreagadh agus rannchuidiú le haon éiginnteacht ina dtodhchaí ghairmiúil a laghdú. Ba cheart gach taighdeoir a chur ar an eolas maidir leis na forálacha sin agus leis na socruithe sin agus ba cheart dóibh féin a bheith réamhghníomhach agus freagrach as a bhforbairt ghairme.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a áirithiú go mbeidh gairmthreoir agus cúnamh socrúcháin fostaíochta ar fáil atá inrochtana agus cothrom le dáta sna hinstitiúidí lena mbaineann nó trí chomhar a dhéanamh le struchtúir eile, ar gairmthreoir agus cúnamh é lena soláthraítear faisnéis, treoir agus tacaíocht maidir le forbairt gairme laistigh den institiúid lena mbaineann agus lasmuigh di. Ba cheart é sin a thairiscint do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairm, gan beann ar a staid chonarthach.

## 3. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Ba cheart do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairm deiseanna a lorg go réamhghníomhach agus ba cheart dá bhfostóir/dá gcisteoir deiseanna a thabhairt dóibh chun feabhas a chur orthu féin go leanúnach trína scileanna agus trína n-inniúlachtaí a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú go tráthrialta. Féadfar é sin a bhaint amach trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear oiliúint fhoirmiúil, ceardlanna, comhdhálacha agus ríomhfhoghlaim nó comhar laistigh d'fhoireann agus de na líonraí faoi seach, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an oiliúint do Thaighdeoirí na Chéad Chéime (R1), ar iarrthóirí PhD ag tús á ngairme sa taighde a bhformhór sin.

### Rochtain ar oiliúint taighde agus forbairt leanúnach

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a áirithiú go dtabharfar an deis do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairmeacha, gan beann ar a staid chonarthach, forbairt ghairmiúil a dhéanamh agus feabhas a chur a n-infhostaitheacht trí rochtain a fháil ar bhearta chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt go leanúnach. Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí gníomhaíocht a dhéanamh chun tacú le forbairt agus soláthar oiliúna spriocdhírithe, chun taighdeoirí a spreagadh deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a thapú ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil agus chun soghluaisteacht idirearnálach agus idirdhisciplíneach a chothú. Ba cheart measúnú tráthrialta a dhéanamh ar na bearta sin i dtaca lena n-inrochtaineacht, a nglacadh agus a n-éifeachtacht chun feabhas a chur ar inniúlachtaí, scileanna agus infhostaitheacht.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí ábharthacht leordhóthanach a shannadh don ghá atá le hinniúlachtaí fiontraíochta a chothú i dtaighdeoirí, agus é de chuspóir acu ligean dóibh siúd a thugann faoi chonair ghairme fiontraíochta a gcumas táirgthe eolais a nascadh le hoilteacht sa luachshocrú eolais, agus smaointe nuálacha a iompú ina ngnó agus nuálaíocht agus dul chun cinn a chothú.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar oiliúint dochtúireachta a chomhoiriúnú le gairmeacha idir-inoibritheacha i ngach earnáil ábhartha agus do chleachtas na hEolaíochta Oscailte, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp), na Prionsabail um Oiliúint Dochtúireachta Nuálach, an Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde agus as aon tionscnamh eile a dhéanfar amach anseo chun scileanna idirdhisciplíneacha taighdeoirí a neartú.

### Bailíochtú scileanna

Mar chuid de thacair scileanna taighdeoirí a leathnú, ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí foráil a dhéanamh maidir le measúnú agus meastóireacht iomchuí a dhéanamh ar oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil lena n-áirítear scileanna agus oiliúint sa láthair oibre, go háirithe i gcomhthéacs na soghluaisteachta idirnáisiúnta, idirearnálaí agus idirdhisciplíní. Ba cheart an measúnú a dhéanamh ar bhealach cothrom trédhearcach laistigh de thréimhse ama réasúnach.

### Teagasc

Is modh fíor-riachtanach é an teagasc chun eolas a struchtúrú agus a scaipeadh agus is rogha luachmhar é laistigh de chonair gairme an taighdeora. Ba chóir don teagasc tairbhiú den eolas eolaíochta agus úsáid a bhaint as an eolas sin agus spéis taighde a chur chun cinn i gcás mac léinn. Ba cheart tacaíocht agus aitheantas iomlán a thabhairt do rannpháirtíocht taighdeoirí sa teagasc, agus d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ag tráthanna éagsúla laistigh de ghairm. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thaighdeoirí ag tús a ngairmeacha, lena n-áirithítear go dtugtar tacaíocht cheart dóibh agus go bhfuil freagrachtaí teagaisc – lena n-áirítear léachtóireacht, teagasc, maoirseacht agus meantóireacht – comhoiriúnach lena ngníomhaíochtaí taighde nó lena n-oiliúint taighde.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a áirithiú go dtugtar luach saothair leordhóthanach do dhualgais teagaisc agus go gcuirtear san áireamh iad sna córais mheastóireachta/bhreithmheasa ag céim luath de ghairmeacha taighdeoirí. Ba cheart a áirithiú freisin go n-áireofar mar chuid dá ngealltanas teagaisc an t-am a chaitheann baill foirne shinsearacha ar oiliúint agus meantóireacht ar thaighdeoirí luathghairme – R1, R2. Ba cheart oiliúint oiriúnach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí teagaisc agus cóitseála mar chuid d'oiliúint tosaigh agus forbairt ghairmiúil taighdeoirí.

## 4. Maoirseacht agus Meantóireacht

Tá bainistíocht chuí daoine agus foirne ríthábhachtach i dtimpeallachtaí oibre taighde toisc gur iarracht chomhpháirteach í an eolaíocht, de réir sainmhínithe. Ba cheart an oiliúint, na huirlisí agus na sásraí meastóireachta is gá a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbainisteoidh taighdeoirí sinsearacha agus príomhthaighdeoirí a bhfoireann agus a bhfoirne ar bhealach cothrom agus neamh-idirdhealaitheach, saor ó chlaontacht inscne agus ó chineálacha eile claontachtaí – mar shampla claontachtaí bunaithe ar reiligiún, gnéaschlaonadh, cine, bunadh eitneach, cúlra socheacnamaíoch, etc. – agus caidreamh tairbheach agus comhoibríoch a bhunú lena bpiaraí. Ba cheart don mhéid sin rannchuidiú le timpeallachtaí a chruthú atá sláintiúil cothrom cruthaitheach ina dtugtar meas do chách, ina bhfuil gach duine spreagtha mar is cóir, ina dtugtar aitheantas dóibh agus ina gcothaítear a bhfolláine.

Ba cheart d'fhostóirí agus cisteoirí a áirithiú go n-aithnítear go soiléir duine nó grúpa daoine ar féidir le taighdeoirí R1 agus R2 dul i gcomhairle leo maidir le feidhmíocht a ndualgas. Ba cheart dóibh freisin na taighdeoirí a chur ar an eolas dá réir.

Ba cheart a shonrú go soiléir sna socruithe sin go mbeadh leibhéal leordhóthanach saineolais, ag an stiúrthóir a mholtar, maidir le taighde a stiúradh agus go mbeadh an t-am agus an díograis aige an tacaíocht iomchuí a thabhairt don oiliúnaí taighde; thairis sin, ba cheart dóibh foráil a dhéanamh maidir leis na nósanna imeachta dul chun cinn agus athbhreithnithe is gá, chomh maith leis na sásraí aiseolais is gá.



I dTreoirlínte Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) ar an Maoirseacht, soláthraítear forálacha sonracha maidir le comhtháthú, tacaíocht taighde agus forbairt ghairme na dtaighdeoirí, maidir lena meantóireacht agus maidir lena bhfolláine, maidir le cumarsáid agus maidir le réiteach coinbhleachtaí, chomh maith le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil stiúrthóirí. Is sraith moltaí iad na treoirlínte seo do dhaoine aonair agus do institiúidí atá ag fáil maoinithe ó GMSC. Cuirtear chun cinn leis na Treoirlínte maoirseacht éifeachtach, meantóireacht agus gairmthreoir iomchuí.

## Caidreamh le stiúrthóirí

Ba cheart caidreamh struchtúrtha agus tráthrialta a bheith ag taighdeoirí lena stiúrthóirí agus lena n-ionadaithe dáimhe/roinne le linn a gcéime oiliúna agus ba cheart do na taighdeoirí leas iomlán a bhaint as an gcaidreamh atá acu leis na daoine siúd. Ba cheart do stiúrthóirí tacú go gníomhach freisin go háirithe le taighdeoirí luathchéime trí chruinnithe aiseolais a eagrú leo agus trí ghníomhaíochtaí oiliúna atá ábhartha dá gcuid oibre a chur chun cinn.

Áirítear leis sin taifid a choimeád ar gach dul chun cinn oibre agus ar gach toradh taighde, aiseolas a fháil trí bhíthin tuarascálacha agus seimineáir, an t-aiseolas sin a chur i bhfeidhm agus oibriú i gcomhréir le sceidil, garspriocanna, táirgí insoláthartha agus/nó aschuir taighde arna gcomhaontú.

## Taighdeoirí sinsearacha

Ba cheart do thaighdeoirí sinsearacha – R3 agus R4 – aird ar leith a thabhairt ar a ról ilghnéitheach mar stiúrthóirí, meantóirí, comhairleoirí gairme, ceannairí, comhordaitheoirí tionscadail, bainisteoirí nó cumarsáidithe eolaíochta. Ba cheart dóibh na cúraimí sin a dhéanamh de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde agus rochtain a bheith acu ar an oiliúint iomchuí. Maidir lena ról mar stiúrthóirí nó mar mheantóirí ar thaighdeoirí, ba cheart do thaighdeoirí sinsearacha caidreamh cuiditheach agus dearfach a fhorbairt le taighdeoirí na Chéad Chéime (R1) agus le taighdeoirí Aitheanta (R2), chun na dálaí a leagan síos maidir le haistriú éifeachtúil eolais agus chun forbairt rathúil bhreise a dhéanamh ar a ngairmeacha. Tá an-chuid freagrachta ag baint leis an ról seo chun tacú le forbairt gairme na dtaighdeoirí in R1 agus R2 agus taithí agus luachanna á gcur in iúl acu i dtimpeallacht iontaofa agus rúnda.

## TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Dul ann tú féin**

Tá na céadta Ionad Eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: (https://europa.eu/european-union/contact_ga).

**Ar an bhfón nó le ríomhphost**

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach.
Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

– ag uimhir shaorghlao: **00 800 6 7 8 9 10 11** (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

– ag an ngnáthuimhir seo a leanas: **+32 22999696**, nó

– le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga.

## EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

**Ar líne**

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: (https://europa.eu/european-union/index_ga).

**Foilseacháin de chuid an Aontais**

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://op.europa.eu/ga/publications.
Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (https://europa.eu/european-union/contact_ga).

**Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara**

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: (https://eur-lex.europa.eu).

**Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach**

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais https://data.europa.eu/ga.
Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála. Cuireann an tairseach rochtain ar fáil freisin ar raidhse tacar sonraí ó thíortha Eorpacha.

Ghlac an Chomhairle an Chairt Eorpach do Thaighdeoirí an 18 Nollaig 2023, mar Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Moladh C/2023/1640 ón gComhairle, lena leagtar amach creat Eorpach chun daoine tréitheacha sna réimsí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip. Tagann an Chairt nua seo in ionad na Cairte Eorpaí agus an Chóid Eorpaigh (2005) a bhí ann roimhe seo agus is forbairt nach beag í ó thaobh beartas Taighde agus Nuálaíochta de.

Is tacar prionsabal í atá ina bhonn taca faoi fhorbairt ghairmeacha tarraingteacha taighde chun tacú le barr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud na hEorpa, agus aithníonn an Coimisiún Eorpach í mar chairt lena gcuirfear borradh faoi neartú an Limistéir Eorpaigh Taighde.

Is príomhthagairt é an foilseachán seo do phróiseas an Ghradaim um Barr Feabhais Acmhainní Daonna sa Taighde, agus is é is aidhm dó feasacht a ardú, scaipeadh a éascú, agus tacaíocht a chur ar fáil do thaighdeoirí, d'fhostóirí, do chisteoirí agus do lucht ceaptha beartas sna disciplíní agus sna hearnálacha uile trí chéile.

*Beartas Taighde agus Nuálaíochta.*

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh